

Ceann an Chláir Chomhaltachta

Aonad: Acmhainn agus Cumarsáid Sláinte Poiblí

Tagairt: ECDC/AD/2019/PHC-HFP

Iarrtar iarrtais ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire Sealadach sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

Sainchuntas poist

Beidh Sealbhóir an Phoist freagrach do Cheann na Rannóige um Oiliúint Sláinte Poiblí agus é/í ag obair go dlúth le baill eile na rannóige.

Beidh freagracht air/uirthi ach go háirithe as na réimsí oibre a leanas:

- Faoi threoir Cheann na Rannóige, tabharfaidh sé/sí ceannaireacht i ndáil leis an leasú eolaíoch, struchtúrtha agus riaracháin den Chlár Comhaltachta ECDC (EPIET/EUPHEM) a chur i bhfeidhm¹ agus é bunaithe ar an meastóireacht sheachtrach ar an gclár agus ar an straitéis nua ECDC;
- Obair Ghrúpa an Chláir Chomhaltachta agus na gcomhordaitheoirí eolaíocha seachtracha a phleanáil agus a mhaoirsiú, lena n-áirítear bainistíocht feidhmíochta;
- Comhordú eolaíoch den Chlár Comhaltachta agus MediPIET a chur ar fáil², lena n-áirítear curaclam agus modhanna oideolaíocha;
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme oibríochtúil an Chláir Chomhaltachta agus MediPIET, lena n-áirítear bainistiú conarthaí, lóistíocht, faireachán agus cur i gcrích buiséid;

¹ Is clár oiliúna eipidéimeolaíochta allamuigh (FETP) réigiúnach Eorpach é an Clár Comhaltachta EPIET/EUPHEM, ar ball é den líonra domhanda TEPHINET. Rinneadh An Clár Eorpach um Oiliúint in Eipidéimeolaíocht Idirghabhála, EPIET, a bunaíodh i 1995 mar thionscadal a chumhdaíonn AE15, arna mhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach, agus an Clár Eorpach um Oiliúint i Micribhitheolaíocht Sláinte Phoiblí, EUPHEM, a bunaíodh in 2008, a cumascadh le chéile in aon Chlár Amháin ó Chohórt 2017. Is gairmithe sláinte poiblí críochnaithe iad na comhaltaí, agus déantar oiliúint ag an obair, ag ionaid náisiúnta agus réigiúnacha chun faireachas agus rialú a dhéanamh ar ghalair theagmhálacha, lena n-áirítear ag saotharlanna sláinte poiblí san Aontas Eorpach (AE) agus i mBallstáit an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE).

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar:

Láithreán gréasáin ECDC <https://ecdc.europa.eu/en/epiet-euphem/about>

An Lámhleabhar do Chohórt 2020 <https://ecdc.europa.eu/en/publications-data/ecdc-fellowship-programme-manual-cohort-2020>

² Is FETP réigiúnach é MediPIET a fhaigheann maoiniú ón Aontas Eorpach, ina gcuimsítear 18 dtír neamh-AE thart ar an Meánmhuir agus an Mhuir Dhubh. Déanfaidh ECDC an clár seo a chomhordú sna blianta 2021-2024.

- An Clár Comhaltachta a chur chun cinn agus tacú leis;
- Naisc a éascú idir an Clár Comhaltachta agus cláir oiliúna sláinte poiblí Eorpacha, réigiúnacha agus domhanda eile;
- Ionadaíocht a dhéanamh don Chlár Comhaltachta ag cruinnithe agus comhdhálacha ábhartha;
- Bheith mar an príomhphointe teagmhála oibríochtúil ECDC leis an bhFóram Láithreáin Oiliúna (TSF);
- Cuidiú le gníomhaíochtaí eile ECDC, de réir mar is gá, ina réimse saineolais féin.

Na cáilíochtaí agus an taithí a theastaíonn

A. Riachtanais fhoirmiúla

Chun bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith ceanglas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na riachtanais atá i gceist:

- Leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar críochnaithe ollscoile arna fhianú ag diplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile ceithre bliana nó níos mó, nó leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar críochnaithe ollscoile arna fhianú ag diplóma agus taithí ghairmiúil ábhartha bliain amháin ar a laghad sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile trí bliana ar a laghad³;
- Taithí ghairmiúil 9 mbliana ar a laghad⁴ (tar éis bhronnadh an diplóma);
- Eolas cruinn ar cheann amháin de theangacha oifigiúla AE agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile AE sa mhéid is gá chun a d(h)ualgais a chomhlíonadh⁵;
- A bheith ina náisiúnach de cheann de Ballstáit AE nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a c(h)eart iomlán mar shaoránach⁶;
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme ar sheirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh; agus
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

³ Ní chuirtear san áireamh ach diplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin.

⁴ Cuirtear seirbhís mhíleata éigeantach san áireamh i ngach cás.

⁵ Iarrthóirí a bhfuil teanga acu nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh í nó a bhfuil Béarla acu mar mháthairtheanga, ní mór dóibh leibhéal an dara teanga a chruthú le teastas (B1 nó níos mó).

Ina theannta sin, chun a bheith incháilithe d'ardú céime trí chleachtadh bliantúil ardú céime, ní mór do bhaill foirne buneolas a bheith acu ar thríú teanga AE, faoi mar a shonraítear sna Rialacháin Foirne agus sna Rialacha Cur Chun Feidhme is infheidhme.

⁶ Sula gceapfar é/í, iarrfar ar an iarrthóir a n-éiríodh leis/léi deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil lena léireofar nach bhfuil taifead coiriúil aige/aici.

B. Critéir roghnúcháin

Tá critéir riachtanacha maidir le taithí ghairmiúil agus tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta sainaitheanta againn mar chritéir cháilitheacha don phost seo. Is iad seo:

Taithí ghairmiúil/eolas gairmiúil:

- Taithí ghairmiúil 5 bliana ar a laghad a gnóthaíodh i bpoist a bhaineann leis an sainchuntas poist;
- Taithí ar bhainistíocht, lena n-áirítear foireann a bhainistiú, pleanáil agus saincheisteanna buiséid;
- Taithí ghairmiúil ar ghalair theagmhálacha, ar chosc, ar fhaireachas agus ar rialú, go háirithe san eipidéimeolaíocht;
- Taithí ghairmiúil fhairsing ar oideolaíocht, oideachas agus oiliúint ar leibhéal iarchéime;
- Eolas ar an oibríocht de chláir oiliúna eipidéimeolaíochta allamuigh;
- Taithí oibre a gnóthaíodh i suíomh idirnáisiúnta agus ilchultúrtha;
- Sárthuiscint ar Bhéarla, idir scríofa agus labhartha.

Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:

- Ardleibhéal taidhleoireachta agus an cumas cothromaíocht a aimsiú idir mianta agus ionchais éagsúla;
- Dírithe go mór ar sheirbhís a chur ar fáil agus meon seirbhíse do chustaiméirí;
- Cumas chun comhoibriú mar imreoir foirne agus daoine eile a threorú, a spreagadh agus a fhorbairt;
- Ardchumas pleanála, comhordaithe, eagrúcháin agus socrú tosaíochtaí;
- Bheith chríochnúil agus mionchruinneas a bheith aige/aici chun torthaí a bhaint amach.
- An cumas oibriú i gcomhar le daoine eile agus dlúthchaidrimh oibre a fhorbairt;
- Ardscileanna cumarsáide, idir labhartha agus scríofa.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d'fhéadfadh an coiste roghnúcháin riachtanais níos doichte a chur i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas, nó critéir bhuntáisteacha ar bith atá liostaithe a chur i bhfeidhm.

Comhdheiseanna

Is fostóir comhdheiseanna é ECDC agus molann sé go láidir do gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin iarratas a dhéanamh, gan aon idirdhealú bunaithe ar fhorais amhail aois, cine, polaitíocht, fealsúnacht nó creideamh, inscne nó gnéaschlaonadh agus beag beann ar mhíchumais.

Ceapachán agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist de réir gearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnúcháin don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnúcháin bunaithe. D'fhéadfaí a iarraidh ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfaí an togra a chur ar fáil go poiblí agus nach ionann ainm a bheith ar an ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta iarrthóirí a ullmhú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi mar Ghníomhaire Sealadach, de bhun airteagal 2f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, go ceann tréimhse cúig bliana. Féadfar an tréimhse sin a athnuachan. Déanfar an ceapachán seo chuig grád **AD 8**.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne AE go gcuirfeadh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh i gcrích go rathúil.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Documents/Staff_Regulations_2014.pdf

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann an Lárionad a chuid gníomhaíochtaí i gcrích.

Liosta ionadaithe

D'fhéadfaí liosta ionadaithe a chruthú agus a úsáid chun críche earcaíochta sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí an 31 Nollaig sa bhliain chéanna ina dtiteann an spriocdháta le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

Nós imeachta chun iarratas a dhéanamh

Chun iarratas a chur isteach, seol iarratas comhlánaithe chuig Recruitment@ecdc.europa.eu, agus tagairt an fholúntais agus do shloinne á lua go soiléir agat i líne ábhair an ríomhphoist.

Chun a chinntiú go mbeidh d'iarratas bailí, ní mór duit gach cuid riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú. Ba cheart an fhoirm iarratais a chur isteach i bhformáid Word nó PDF. B'fhearr í a bheith comhlánaithe i mBéarla⁷. Measfar aon iarratas neamhiomlán a bheith neamhbhailí.

Tá an fhoirm iarratais ECDC ar fáil anseo ar ár láithreán gréasáin:

<https://ecdc.europa.eu/en/about-us/work-us/recruitment-process>

Tá an spriocdháta le hiarratais a chur isteach agus tuilleadh faisnéise faoi staid an nós imeachta roghnúcháin seo, mar aon le faisnéis thábhachtach faoin bpróiseas earcaíochta, ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Is féidir teacht ar an méid sin ach an nasc thuas a úsáid.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a fhaightear, ní rachfar i dteagmháil ach le hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

⁷ Rinneadh an fógra folúntais seo a aistriú go gach ceann de 24 theanga oifigiúla AE ón mbunleagan Béarla. Ós rud é gurb é Béarla an phríomhtheanga a úsáidtear in oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta, b'fhearr le ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.